STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

’Carbad’ Dhónaill Uí Chonaill 1844

I Meán Fómhair 1844, chuaigh fear suas céimeanna an charbaid álainn seo agus shuigh sé síos ann. Tharraing sé chapall liatha agus tiománaí é trí shráideanna Bhaile Átha Cliath agus tháinig 220,000 duine amach chun gáir mholta a dhéanamh.

Ní foláir gur mhothaigh sé go hiontach a bheith ag beannú don slua agus gáire agus croitheadh láimhe a dhéanamh leo.

Ach, dáiríre, ba fhear é seo a raibh aithne agus meas air ó cheann ceann na tíre: Dónall Ó Conaill.

Bhí sé á thabhairt ó áit a úsáideadh mar phríosún airm Dhún Uí Ghríofa ina dhiaidh sin (áit a bhfuil gnáth-bhunscoil anois) chuig a theach cónaithe ae Chearnóg Mhuirfean.

Bhí príosúnacht ar feadh bliana gearrtha ar Dhónall agus ar a mhac, John, agus ar dhaoine eile ach cuireadh an phianbhreith sin ar ceal, nó díbheadh í, agus scaoileadh saor iad ar fad.

Bhí an ‘carbad’ múnlaithe ar charbaid iontacha na sean-Róimhe. Ba ócáid dhochreidte mhórthaibhseach í agus é rud beag craiceáilte: bhí an carbad 3m ar airde, bhí cumhdach síoda agus olla ann agus bhí pictiúir ann feadh a thaoibh, is é sin le rá, seamróga, cruit, cloigtheach agus cú faoil.

Ní bhíonn gluaisteáin den tsamhail sin ann sa lá atá inniu ann. Agus ní raibh carráistí den tsamhail sin coitianta an tráth sin ach oiread.

Ach bhí Dónall clúiteach. Agus bhí sé clúiteach mar gheall ar a chuid oibre ar son Fhuascailt na gCaitliceach. Is é atá i gCaitliceachas ná cineál Críostaíochta agus ba Chaitlicigh iad an chuid is mó daoine in Éirinn an tráth sin agus, ina theannta sin, bhí siad an-bhocht.

Bhí an saol deacair do Chaitlicigh mar gheall ar roinnt dlíthe ach d’fhéadfadh sé gurbh é a bhí sa cheann ba mheasa díobh na an ceann a chuir cosc orthu a bheith ina gcomhaltaí parlaiminte.

Ní raibh cead cainte ag Caitlicigh faoi reáchtáil a dtíre féin.

Ba Chaitliceach é Dónall agus d'oibrigh se chun athrú a dhéanamh ar an staid sin. Chinn sé aird a tharraingt ar an ábhar trí sheasamh i dtoghchán parlaiminte agus ghnóthaigh sé suíochán go han-éasca i gCo. an Chláir. Bhí a fhios ag na Briotanaigh go mbeadh fearg ar dhaoine in Éirinn dá gcuirfidís cosc ar Dhónall teacht chun bheith ina gcomhalta parlaiminte. Agus bhí a fhios sin ag Dónall freisin. Ba é sin cuid dá phlean agus d'éirigh leis an bplean sin.

Sa deireadh, ceadaíodh do Dhónall a shuíochán a ghlacadh sa pharlaimint agus, dá bharr sin, baineadh Fuascailt na gCaitliceach amach.

Le fírinne, mar thoradh díreach ar an méid a bhí déanta ag Dónall ghnóthaigh daoine de chuid aicmí creidimh eile, amhail na Giúdaigh, sa Bhreatain an ceart chun ionadaíocht a bheith acu sa pharlaimint.

Tugadh 'An Fuascailteoir' mar ainm ar Dhónall agus, ina dhiaidh sin, thosaigh sé ag obair chun aisghairm nó neamhniú a dhéanamh ar Acht an Aontais le go mbeadh Éire scartha ón mBreatain.

Ba le linn an fheachtais sin chun Acht an Aontais a aisghairm a cuireadh i bpríosún é i nDún Uí Ghríofa áit ónar scaoileadh saor é ina dhiaidh sin.

Ach níor éirigh leis an bhfeachtas sin. Níor aisghaireadh Acht an Aontais go dtí tráth i bhfad níos déanaí ná sin.

Ní hionann sin is a rá, áfach, nach raibh tábhacht mhór ag an bhfeachtas. Ceann de na straitéisí a bhí ag Dónall ná rud éigin a dhéanamh nach ndearnadh riamh roimhe sin in Éirinn. D'eagraigh sé ollchruinnithe. Agus ní gnáth-ollchruinnithe a bhí ann. Cruinnithe ábhalmhóra a bhí ann agus na mílte duine ag freastal orthu.

Dá bhrí sin, is fíor a rá gur éirigh le Dónall daoine a spreagadh i leith na polaitíochta. Thosaigh siad ag creidiúint go bhféadfaidís difríocht a dhéanamh ach oibriú le chéile; go bhféadfaidís rudaí a athrú ach oibriú le chéile.

Agus ní raibh na nithe ab ábhar spéise do Dhónall teoranta do shaincheisteanna Éireannacha. Bhí sé bainteach leis an bhfeachtas i gcoinne sclábhaíochta i Meiriceá freisin. Ar ócáid amháin, labhair se le linn cruinnithe le Frederick Douglass, iarsclábhaí agus gníomhaí frithsclábháíochta, a tháinig go hÉirinn agus go dtí an Bhreatain ar thuras poiblíochta sa bhliain 1845. Deirtear go ndeachaigh an bheirt fhear i gcion go mór ar a chéile.

Ach ar ais chuig an 'carbad'. Agus é ina shuí ann ag croitheadh láimhe leis an slua an lá sin i Meán Fómhair 1844, caithfidh go raibh cuma rí ar Dhónall agus gur mhothaigh sé gur rí é. Agus le níos mó ná 20 bliain, sin a bhí i gceist: ba é rí gan chorónú na hÉireann é.